Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9897/25**

**ENFOPOL 191**
**CRIMORG 99**
**DROIPEN 63**
**COPEN 167**
**COSI 110**
**FREMP 154**
**SOC 376**
**EMPL 246**
**CYBER 159**
**RELEX 711**
**MIGR 199**
**JAIEX 55**
**JAI 773**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Meitheamh 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8724/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar an staid a bhaineann le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar chosaint mionaoiseach<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 12 Meitheamh 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar an staid a bhaineann le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar chosaint mionaoiseach, a d’fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4102ú cruinniú a bhí aici an 12 Meitheamh 2025.

**Conclúidí ó gComhairle**
**maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar an staid a bhaineann le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar chosaint mionaoiseach**

**Réamhrá**

(a) Tá gáinneáil ar dhaoine fós ar cheann de na bagairtí is tromchúisí ar shlándáil agus ar chearta an duine san Aontas Eorpach agus is sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha í.

(b) Is í Treoir an Aontais um Chromhrac na Gainneála[1] príomhionstraim dlí an Aontais chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léis an ngáinneáil a chosaint. Leasaíodh an Treoir in 2024 chun comhrac na coireachta sin a threisiú (‘Treoir athbhreithnithe an Aontais um Chromhrac na Gainneála’)[2]. Sna rialacha nua, cumhdaítear go sainráite cineálacha nua dúshaothraithe, lena n-áirítear iad siúd a dhéantar ar líne, áirithítear leo luathbhrath íospartach agus ráthaítear leibhéal níos airde cúnaimh agus tacaíochta d’íospartaigh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir athbhreithnithe an Aontais um Chromhrac na Gainneála.

(c) D’eisigh an Coimisiún Straitéis an Aontais um gháinneáil ar dhaoine a chomhrac 2021-2025 (‘Straitéis an Aontais’)[3] i mí Aibreáin 2021. Déantar foráil ann maidir le freagairt chuimsitheach chun an choireacht a chosc, íospartaigh a chosaint agus a chumhachtú agus gáinneálaithe a thabhairt os comhair na cúirte. Tá dlúthnasc idir an straitéis sin agus Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe[4] ós rud é go bhféadfaidh grúpaí coireachta eagraithe gáinneáil ar dhaoine a dhéanamh.

---

[1] Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle, IO L 101, 15.4.2011, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/36/oj.

[2] Treoir (AE) 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, IO L , 2024/1712, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1712/oj.

[3] 8090/21.

[4] *Communication from the Commission on the EU Strategy to tackle Organised Crime 2021-2025* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025]
COM(2021) 170 final (2021), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52021DC0170.

(d) Ó 2022 i leith, le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus coinbhleachtaí armtha eile i réigiúin chomharsanacha an Aontais, tá méadú tagtha ar an mbaol gáinneála ar dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta agus ar dhaoine easáitithe, mná agus leanaí san áireamh. Leis an bPlean Coiteann um Chomhrac na Gáinneála[5] agus le gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach[6], laghdaíodh go mór leochaileachtaí na ndaoine sin atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin. Cuireadh síneadh le cur i bhfeidhm na Treorach um Chosaint Shealadach go dtí mí an Mhárta 2026[7].

(e) Is príomhuirlis comhair Eorpach é an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, atá ar cheann de thosaíochtaí coireachta an Aontais i dtimthriall reatha EMPACT (2022–2025)[8]. Is é is aidhm do Phlean Gníomhaíochta Oibriúcháin ábhartha EMPACT cur isteach ar líonraí coiriúla a bhíonn ag gabháil don gháinneáil ar dhaoine i gcás gach cineál dúshaothraithe, agus béim ar leith á leagan orthu siúd a dhéanann dúshaothrú ar mhionaoisigh[9].

(f) A mhéid a bhaineann leis an gcomhar idirnáisiúnta, i bPrótacal ó na Náisiúin Aontaithe 2000 chun gáinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí, a chosc, a chur faoi chois agus pionós a ghearradh ina leith, ar Prótacal é lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta[10], agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 2005 maidir le gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine[11], céimeanna ríthábhachtacha sa phróiseas is ea iad chun comhar idirnáisiúnta a fheabhsú in aghaidh gáinneáil ar dhaoine.

---

5 An Coimisiún Eorpach, *A Common Anti-Trafficking Plan to address the risks of trafficking in human beings and support potential victims among those fleeing the war in Ukraine* [Plean Coiteann um Chomhrac na Gáinneála chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine agus chun tacú le híospartaigh ionchasacha atá orthu siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin], an 11 Bealtaine 2022, https://home-affairs.ec.europa.eu/system/files/2022-05/Anti-Trafficking%20Plan_en.pdf.

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach, IO L 71, 4.3.2022, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/382/oj.

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1836 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382, IO L, 2024/1836, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1836/oj.

8 7101/23.

9 7101/23.

10 Rúin 55/25 agus 55/255 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe lena nglactar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (UNTOC) agus na Prótacail a ghabhann leis, 15.11.2000.

11 CETS Uimh. 197 an 16.5.2005, https://rm.coe.int/168008371d.

(g) Agus gáinneáil ar dhaoine á comhrac, le tacaíocht ó Chomhordaitheoir an Aontais um Chomhrac na Gáinneála, ba cheart leas iomlán a bhaint as na hionstraimí ábhartha uile atá ann cheana, lena n-áirítear Straitéis an Aontais um gháinneáil ar dhaoine a chomhrac 2021-2025 agus as conclúidí ón gComhairle roimhe seo[12]. Tá gá le hiarrachtaí agus bearta breise ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an choireacht sin a chomhrac go héifeachtach.

**Breithnithe ginearálta**

1. Is tosaíocht i gcónaí ag an Aontas agus na Ballstáit an gháinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh uile na gáinneála ar dhaoine.

2. Bíonn tionchar ollmhór ag gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne agus as líne, ar shochaithe agus ar gheilleagair Bhallstáit an Aontais.

3. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-íospartach gáinneála ar dhaoine san Aontas Eorpach. Idir 2021 agus 2022, tháinig méadú 20.5 % ar líon na n-íospartach cláraithe gáinneála ar dhaoine san Aontas i gcomparáid leis an tréimhse 2019-2020[13]. Is dócha gurb é is cúis le brath méadaithe íospartach géarú na mbeart arna ndéanamh ag comhlachtaí agus gníomhaireachtaí náisiúnta ábhartha, go háirithe údaráis forfheidhmithe dlí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun íospartaigh a bhrath agus a shainaithint go luath.

4. Tá leanaí ar cheann de na grúpaí is leochailí ar a ndíríonn grúpaí coiriúla eagraithe a bhfuil baint acu leis an ngáinneáil ar dhaoine. Is minic a dhéanann na grúpaí coiriúla dúshaothrú leanaí trína n-earcú agus iad a úsáid ina dhiaidh sin chun gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh nó trí iallach a chur orthu i leith pósadh éigeantais nó teacht i dtír gnéasach. In 2021-2022, ba shaoránaigh den Aontas iad 81 % de na híospartaigh ar leanaí iad (2 401 leanbh). B'íospartaigh linbh beagnach an cúigiú cuid de na híospartaigh chláraithe uile san Aontas (19 %)[14]. Leis an digiteáil, tá méadú, ar údar imní é, tagtha ar chásanna teacht i dtír gnéasach ar mhionaoisigh as a n-eascraíonn gáinneáil[15].

---

12 Mar shampla, 11838/6/12 agus 10024/22.
13 5728/25.
14 Féach fonóta 13.
15 Féach fonóta 13.

5. San Aontas, tháinig méadú 51 % ar an dúshaothrú saothair a braitheadh in 2021-2022 i gcomparáid le 2019-2020, agus in 2022 bhí sciar an teacht i dtír ghnéasaigh agus an dúshaothraithe saothair cothrom (41 %). Braitheann náisiúntacht agus próifíl na n-íospartach den chuid is mó ar earnáil an dúshaothraithe. Is iondúil go ndéantar earcaíocht ar líne trí fhógraí míthreoracha poist agus gealltanais bhréagacha maidir le cead a fháil. Tá struchtúr thionscnamh na n-íospartach ag athrú: tá méadú ag teacht ar líon na náisiúnach tríú tír (54 % de na híospartaigh chláraithe)[16]. Léiríonn an méid sin cineál trasteorann agus idirnáisiúnta an fheiniméin agus ar a thábhachtaí atá sé na huirlisí iomchuí a áirithiú chun na híospartaigh a chosaint ar bhonn chur chuige an bhealaigh iomláin.

6. Tá baol ar leith ann go mbeidh imircigh ó lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear imircigh ó Mheiriceá Laidineach agus ó thíortha na hAfraice agus na hÁise, ina n-íospartaigh gáinneála. Is minic a bhíonn siad i staideanna leochaileacha agus iad ag lorg fostaíochta san Aontas, rud a fhágann go bhfuil siad níos soghabhálaí i leith saothar éigeantais, dúshaothrú saothair agus teacht i dtír gnéasach.

7. I ngeall ar choinbhleachtaí armtha, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta laistigh den Aontas, agus chuir cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin go mór leis an méadú sin trí líon thairbhithe na Treorach um Chosaint Shealadach (TPD) a ardú. Daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu agus tairbhithe TPD, mná agus leanaí ina measc, tá baol éagsúil ann go ndéanfar dúshaothrú orthu i ngeall ar chruatan eacnamaíoch agus ar lánpháirtiú teoranta.

8. Sula ndéantar dúshaothrú nó gáinneáil orthu siúd ó limistéir coinbhleachta armtha, d’fhéadfadh sé gur íospartaigh na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí (e.g. coireanna cogaidh) na náisiúnaigh tríú tír sin a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu. Cruthaíonn sé sin dúshlán breise d’údaráis forfheidhmithe dlí agus d’údaráis bhreithiúnacha déantóirí roinnt cineálacha coireanna a shainaithint agus a ionchúiseamh.

9. Tá cláir chúnaimh bhreise tugtha isteach ag roinnt tíortha san Aontas, ach tá géarghá le bearta breise atá nasctha, mar shampla, le seirbhísí bunúsacha, mar shampla tithíocht, oideachas agus cúram sláinte.

[16] Féach fonóta 13.

10. Tá an spás digiteach (lena n-áirítear na meáin shóisialta, teachtaireachtaí meandracha, tairseacha poist) ar cheann de na príomhuirlisí a úsáidtear chun íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a earcú, a shaothrú agus a rialú, nó chun iad a rannpháirtiú mar chomhoibrithe i gcineálacha eile coireachta. Tá sé sin an-chontúirteach do mhionaoisigh agus do dhaoine atá i staid leochaileach.

11. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann coirpigh as bealaí cumarsáide criptithe agus as criptea-airgeadraí, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha déantóirí na coire a shainaithint, fianaise ábhartha a fháil agus líonraí coiriúla a chloí.

12. Mar fhreagairt ar an mbagairt mhéadaitheach sin, tá uirlisí anailíseacha, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar an intleacht shaorga, á bhforbairt chun tacú le faireachán idirlín agus le gníomhaíocht choiriúil a bhrath.

13. Tá gníomhaíocht chomhpháirteach chomhordaithe agus comhchuibhiú sainmhínithe agus nósanna imeachta ríthábhachtach chun gáinneáil trasteorann ar dhaoine a chomhrac go héifeachtach.

**Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

14. Gan dochar do neamhspleáchas na mbreithiúna, comhordú níos dlúithe a chur chun cinn idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus páirtithe príobháideacha, mar shampla ardáin ar líne agus oibreoirí líonra, chun gníomhaíochtaí gáinneála ar dhaoine a bhrath, a shainaithint agus a chosc a luaithe is féidir, agus béim á leagan ar earcaíocht ar líne agus ar dhúshaothrú ar líne; agus íospartaigh a d'fhéadfadh a bheith ina n-íospartaigh nó ina bhfinnéithe ar na coireanna idirnáisiúnta is tromchúisí, (mar shampla coireanna cogaidh), a shainaithint agus a aimsiú d'fhonn an fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith acu a chaomhnú.

15. Comhar idirghníomhaireachta a chur chun cinn le cigirí saothair, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le húdaráis eile ar an leibhéal náisiúnta, chun íospartaigh a bhrath agus cabhrú leo i gcur chuige íospartach-lárnach, íospairt thánaisteach a sheachaint agus cineálacha cur chuige riaracháin a úsáid go gníomhach.

16. Úsáid na n-uirlisí a chuireann gníomhaireachtaí an Aontais ar fáil a chur chun cinn, lena n-áirítear Europol, Eurojust, Frontex agus CEPOL, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, Interpol san áireamh, chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

17. Forbairt comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn (lena n-áirítear le hardáin ar líne agus le hoibreoirí líonra) chun uirlisí éifeachtacha a chruthú agus a chur chun feidhme a chuirfidh isteach ar ghníomhaíochtaí gáinneála ar dhaoine (ar líne agus as líne), agus a dhéanfaidh iad a shainaithint, a thuairisciú agus a chosc.

18. Leanúint de thacaíocht a thabhairt don chomhar i measc na mBallstát agus le gníomhaireachtaí an Aontais i gcomhthéacs EMPACT i réimse na gáinneála ar dhaoine.

19. Leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar limistéir teorann agus gníomhaíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh bearta cosanta i dtimpeallachtaí glactha a neartú, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine a chosc, íospartaigh a shainaithint agus daoine leochaileacha a chosaint, i gcomhar, i gcás inar gá, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

20. A áirithiú go dtabharfar cosaint iomchuí d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine trí chur chuige íospartach-lárnach, lena n-áirítear trí rochtain a bheith acu, i gcás inarb iomchuí, ar chláir tearmann finné nó ar bhearta comhchosúla eile, agus trí íospairt thánaisteach a sheachaint.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

21. An Mol um Chomhrac na Gáinneála a sheoladh go tráthúil, lena dtacófar leis na Ballstáit Treoir athbhreithnithe an Aontais um Chromhrac na Gainneála agus Straitéis an Aontais a chur chun feidhme, trí threoirlínte a fhorbairt, malartú dea-chleachtas a éascú, idirphlé a chothú i measc gairmithe um chomrac na gáinneála agus comhar a threisiú.

22. Tacú leis na Ballstáit cláir spriocdhírithe um chosc agus tacaíocht a thabhairt isteach a bhaineann leis an ngáinneáil ar dhaoine, go háirithe mná agus leanaí, lena n-áirítear iad siúd atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

23. Feabhas a chur ar chomhar trasteorann agus ar chomhpháirtíochtaí le tríú tíortha, go háirithe le tíortha tionscnaimh agus idirthurais na gáinneála ar dhaoine, trí chomhthionscnaimh choisc agus imscrúdaithe chun díriú ar líonraí gáinneála trasnáisiúnta agus iad a chomhrac.

24. Úsáid na bhfoinsí cistiúcháin agus na gclár atá ar fáil san Aontas a spreagadh chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus béim ar leith á leagan ar EMPACT agus ar íospartaigh a shainaithint go luath agus iad a tharchur chuig seirbhísí speisialaithe.

25. Na conclúidí seo a chur san áireamh agus Straitéis 2026-2029 an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac á forbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus chun na tosaíochtaí nua a stiúradh ar bhealach comhleanúnach.

26. Malartú faisnéise agus dea-chleachtas a chur chun cinn leis na comhordaitheoirí náisiúnta um chomhrac na gáinneála agus leis na rapóirtéirí náisiúnta, le Gníomhaireachtaí an Aontais, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta inniúla eile, le tacaíocht ó Chomhordaitheoir an Aontais um Chomhrac na Gáinneála.

27. Oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun cuntasacht na hearnála príobháidí a neartú, lena n-áirítear laistigh d'Fhóram Idirlín an Aontais, maidir le saothar nó cineálacha eile dúshaothraithe, chomh maith le gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh feiniméan na gáinneála ar dhaoine a ghéarú.

**Iarrann an Chomhairle ar Europol, Eurojust, Frontex agus CEPOL, laistigh dá sainordú, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

28. Saineolas na mBallstát a neartú, lena n-áirítear oiliúint, agus malartú dea-chleachtas eatarthu a chothú chun cionta gáinneála ar dhaoine sa chibearspás, íospartaigh ionchasacha agus déantóirí coire a shainaithint ar bhealach níos fearr.

29. Úsáid fhorleathan na n-uirlisí a chuireann siad ar fáil i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an chomhair bhreithiúnaigh, an mhalartaithe faisnéise, na hanailíse coiriúla agus an fhothaithe acmhainneachta a chur chun cinn.

30. Comhar leis an earnáil phríobháideach a chothú agus forbairt comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn, lena n-áirítear sna hearnálacha TF agus teileachumarsáide, chun uirlisí anailíse sonraí a fhorbairt, lena n-áirítear uirlisí bunaithe ar IS, agus chun sásraí a chruthú chun gníomhaíochtaí gáinneála a bhrath, a shainaithint agus a chosc ag céim luath agus gníomhaíocht amhrasach a thuairisciú go tapa.